Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11862/26**

**STATIS 61**
**SOC 492**
**ENV 941**
**ENER 518**
**EMPL 276**
**EDUC 330**
**ECOFIN 1003**
**DELACT 114**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4526 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 2.7.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann 'úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4526 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4526 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2026
C(2026) 4526 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.7.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann 'úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg maidir leis na tacair sonraí éagsúla. Agus an gníomh tarmligthe á ghlacadh, níl an líon athróg le bheith níos mó, faoi bhreis agus 5 %, ná an líon athróg a bhí á éileamh cheana féin ag an gCoimisiún (Eurostat) ar bhonn sainordaitheach, an 3 Samhain 2019, le haghaidh gach fearainn.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo cumhdaítear líon agus teidil na n-athróg maidir leis an tacar sonraí san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí mar chuid d'ullmhú an ghnímh tharmligthe seo. Níor cuireadh aon ábhar imní sonrach in iúl le linn na gcomhairliúchán.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ag an gcruinniú a bhí ag an ngrúpa saineolaithe 'Staidreamh na Sochaí Faisnéise' a tionóladh idir an 4 agus an 5 Feabhra 2026.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Saineolaithe, 'Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh'.

Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go cuí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe seo líon agus teidil na n-athróg a ghlacadh maidir leis an tacar sonraí san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027, de réir Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1700.

Tá an líon athróg a bailíodh i gcomhréir leis an gceanglas in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/1700, lena leagtar síos an líon uasta athróg sainordaitheach ón mbliain tagartha 2021 ar aghaidh. Is iad na hathróga a bailíodh agus iad sin amháin a dhéanann difear don ualach. Déantar athróga a athmheasúnú agus a rothlú idir blianta tagartha chun riachtanais bheartais a chumhdach agus, an tráth céanna, an t-ualach tuairiscithe a theorannú.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe maidir le buiséad an Aontais.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus, dá bhrí sin, ba cheart LEE a chuimsiú lena chur i bhfeidhm.

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2.7.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an bhfearann 'úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 6 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Chun na riachtanais maidir le staidreamh a chumhdach i dtaca leis na topaicí mionsonraithe ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, is gá líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an tacar sonraí san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teidil na n-athróg san fhearann 'úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide' le haghaidh na bliana tagartha 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1700/oj.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*